Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

13094/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0115(COD)**

PI 145
COMPET 884
MI 755
IND 474
CODEC 1616

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le tásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1001 agus (AE) 2019/1753 **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 13 Aibreán 2022, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], bunaithe ar Airteagail 118(1) agus 207(2) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 21 Meán Fómhair 2022[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 11 Deireadh Fómhair 2022[3].

4. An 12 Meán Fómhair 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann glacadh leis[4].

1 8205/22 + ADD 1-4.
2 IO C 486, 21.12.2022, lch. 129.
3 IO C 498, 30.12.2022, lch. 57.
4 12853/23.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 31/23 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh é*.